

Polasaí Caomhnú Páistí



Gaelscoil na Camóige



Ghaelscoil na Camóige

Polasaí um Chaomhnú Leanaí **CHILD PROTECTION POLICY** (Gaeilge)

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Camóige:

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasáí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA): P.O. Caoimhe de Búrca

3. An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA): L.P.O Aoife Ní Raghallaigh (Eimear Billings ag feidhmiú nuair atá Aoife ar saoire máithreachas).

4. I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid Ghaelscoil na Camóige, cloífead leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chúí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus iad a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

Grinnfhiosrú - Ní mór do An Garda Síochána gach múinteoir a ghrinnfhiosrú tríd an gComhairle Mhúinteoireachta ina dhiaidh Aibreáin 2016. Moltar go ndéantar an fhoirm a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn agus tagairt déanta do na ceisteanna coitianta atá iniata leis seo. Má bhíonn earráidí nó rudaí in easnamh cuirfead an fhoirm ar ais chuig an iarratasóir agus cuirfead moill ar an bpróiseas. Beidh an grinnfhiosrú ag teastáil ag an bpríomhoide roimh tús a chuir leis an múinteoireachta.

5. Polasaithe agus cleachtais agus gníomhaíochtaí de chuid na scoile a meastar go mbaineann siad go mór le caomhnú leanaí

- ▲ An Cód Iompair
- ▲ An Polasaí in aghaidh na Bulaíochta
- ▲ An Straitéis Tinrimh Daltaí
- ▲ Maoirseacht ar Dhaltaí
- ▲ Gníomhaíochtaí Spóirt
- ▲ Turais Scoile
- ▲ Socrúcháin oibre daltaí
- ▲ Ranganna agus Gníomhaíochtaí Iarscoile
- ▲ Ócáidí Tiomsú Airgid

▲ Grinnfhiosrú

Tá sé cinntithe ag an mBord go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na rudaí thuasluaite.

6. Cuireadh an polasaí seo ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus tá sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.

7. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an polasaí seo a thabhairt faoi athbhreithniú uair in aghaidh na scoilbhliana.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an _____[dáta]

Síniú: _____
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Síniú: _____
Príomh-Oide

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithniú eile: _____

